# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1933 ÓN gCOIMISIÚN

## an 12 Deireadh Fómhair 2022

## lena leasaítear Treoir 2008/90/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an maolú a bhaineann le coinníollacha allmhairiúcháin d'ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus do phlandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí ó thríú tíortha

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 7148)*

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2008/90/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus margú plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(2), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 12(1) de Threoir 2008/90/CE, ceanglaítear ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh an bhfuil ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí a tháirgtear i dtríú tír agus dá dtugtar na ráthaíochtaí céanna a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar an soláthróir, le sainaitheantas, le saintréithe, le sláinte plandaí, leis an damhna fáis, leis an bpacáistiú, le socruithe cigireachta, le marcáil agus le séalú, an bhfuil na nithe sin coibhéiseach i ngach slí le hábhar iomadaithe agus plandaí torthaí a tháirgtear san Aontas agus a chomhlíonann ceanglais agus coinníollacha na Treorach sin. Foráiltear le hAirteagal 12(2) de Threoir 2008/90/CE maidir le maolú lena gceadaítear do na Ballstáit, go dtí go ndéanfar cinneadh den sórt sin, feidhm a bheith acu maidir le coinníollacha ábhair iomadaithe agus plandaí torthaí atá coibhéiseach ar a laghad leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir le hábhar iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí a tháirgtear san Aontas.

(2) Tá maolú den sórt sin deonaithe go dtí an 31 Nollaig 2022. Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit coinníollacha a chur i bhfeidhm atá coibhéiseach leo sin a leagtar amach i dTreoracha Cur Chun Feidhme 2014/96/AE ([2]), 2014/97/AE ([3]) agus 2014/98/AE ([4]) ón gCoimisiún.

(3) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le coibhéis ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí, a bheartaítear do tháirgeadh torthaí agus a tháirgtear i dtríú tíortha áirithe, tá an Cinneadh sin á ullmhú. Ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an reachtaíocht ábhartha ó na tríú tíortha sin agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí agus a tháirgtear sna tíortha sin coibhéiseach le hábhar iomadaithe agus plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí a tháirgtear san Aontas agus a chomhlíonann Treoir 2008/90/CE. Ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh freisin an bhfuil na ráthaíochtaí céanna ag gabháil leis an ábhar iomadaithe agus leis na plandaí torthaí a tháirgtear sna tríú tíortha sin agus atá ag gabháil leis an ábhar faoi seach a tháirgtear san Aontas i gcomhréir leis an Treoir sin a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar an soláthróir, le sainaitheantas, le saintréithe, le sláinte plandaí, leis an damhna fáis, leis an bpacáistiú, le socruithe cigireachta, le marcáil agus le séalaithe.

(4) I bhfianaise an ama is gá chun na measúnuithe sin a dhéanamh agus i bhfianaise an líon ard iarratas a fuarthas ó thríú tíortha, meastar nach bhfuil sé indéanta an Cinneadh Cur Chun Feidhme thuasluaite a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2022. Go dtí go nglacfar an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin, agus chun nach gcuirfear isteach ar phatrúin trádála, ba cheart do na Ballstáit leanúint de bheith ag baint tairbhe as maolú Airteagal 12(2) de Threoir 2008/90/CE.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an mhaolaithe dá bhforáiltear in Airteagal 12(2) de Threoir 2008/90/CE go dtí an 31 Nollaig 2025.

([1]) IO L 267, 8.10.2008, lch. 8.

([2]) Treoir Cur Chun Feidhme 2014/96/AE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir leis na ceanglais i ndáil le lipéadú, séalú agus pacáistiú ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí, a thagann faoi raon feidhme Threoir 2008/90/CE ón gComhairle (IO L 298, 16.10.2014, lch. 12).

([3]) Treoir Cur Chun Feidhme 2014/97/AE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/90/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le clárú soláthróirí agus cineálacha agus an liosta coiteann cineálacha (IO L 298, 16.10.2014, lch. 16).

([4]) Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/90/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha i ndáil le géinis agus speicis plandaí torthaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann léi, ceanglais shonracha a bheidh le comhlíonadh ag soláthróirí agus rialacha mionsonraithe maidir le cigireachtaí oifigiúla (IO L 298, 16.10.2014, lch. 22).

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2008/90/CE a leasú dá réir.

(7) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 12(2), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2008/90/CE, cuirtear "31 Nollaig 2025" in ionad an dáta "31 Nollaig 2022".

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*